An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
*Ag Cur Feabhsú Chun Cinn*

***Providing Inspection Services for***
**Department of Education**
**Department for Employment and Learning**
**Department of Culture, Arts and Leisure**

CUSTOMER SERVICE EXCELLENCE

INFHEISTEOIR I NDAOINE

# An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Bunscoil Bheanna Boirche
# Caisleán Uidhilín

## Dáta na Cigireachta: Feabhra 2008

# CLÁR


| Cuid | | Leathanach |
|---|---|---|
| | EOLAS STAITISTIÚIL | |
| 1. | RÉAMHRÁ | 1 |
| 2. | CAIGHDEÁN OBAIR NA bPÁISTÍ | 1 |
| 3. | CONCLÚID | 5 |
| | FOSCRÍBHINN | |

**BILEOG BHUNEOLAIS (BB) - BUNSCOILEANNA**

A. i. **Scoil: Bunscoil Bheanna Boirche**
**Caisleán Uidhilín**
ii. **Uimhir Thagartha na Scoile: 404-6648**
iii. **Dáta na Cigireachta: 25.02.08**
**seachtain dar tús:**
iv. **Cineál Cigireachta: Fócasaithe**

B.

| **Scoilbhliain** | **2003/04** | **2004/05** | **2005/06** | **2006/07** | **2007/08** |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon iontrála Bhliain 1 | 10 | 10 | 6 | 14 | 10 |
| **Rollachán**<br>Bunscoil | 41 | 51 | 50 | 54 | 51 |
| Réamhrang | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Naíonra | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |
| Aonad Speisialta | 0 | 0 | 0 | 0 | 0 |

Is é an líon ar lá fógartha na cigireachta an líon rollacháin don bhliain reatha.
Do na blianta roimhe sin, is é an líon atá sna tuairisceáin bhliantúla a chuirtear isteach chuig an Roinn Oideachais.
Is ar rollachán iomlán na bunscoile agus an réamhranga amháin ba chóir na háirimh ag C agus ag D a bhunú.

C. Meántinreamh don scoilbhliain roimhe seo
(ina chéatadán): 96.4%

| | **Bunscoil & Réamhrang** | **Naíonra** | **Aonad Speisialta** |
|---|---|---|---|
| D. i. Líon Múinteoirí (príomhoide & múinteoirí páirtaimseartha san áireamh): (coibhéis lánaimseartha = 25 uair teagaisc): | 4 | 0 | 0 |

ii. CDM (Cóimheas Daltaí le Múinteoir): 12.5 CDM TÉ: 20.8

iii. Meánmhéid Ranga: 12.5

iv. Méid Ranganna (Raon): ó 9 go dtí 16

v. Tacaíocht Chúntach
(líon Uaireanta **sa tSeachtain**):
i. Tacaíocht Chléireachais: 10
ii. Tacaíocht Oifigiúil 'Ag Déanamh Tús Maith': 10
iii. Maoiniú ó 'Ag Déanamh Tús Maith' d'uaireanta breise agus do thacaíocht eile ó chúntóirí ranga: 17

vi. céatadán páistí a bhfuil ráitis i dtaobh sainriachtanas oideachais acu 2%

vii. céatadán iomlán páistí ar an Chlár Sainriachtanas 10%

viii. líon páistí nach bhfuil ar aois scoile reachtúil 0

ix. céatadán páistí atá i dteideal béilí scoile saor in aisce 12%

## 1. RÉAMHRÁ

1.1 Is bunscoil chomhoideachais Ghaeilge í Bunscoil Bheanna Boirche a céadbhunaíodh i 1998 agus a fuair deontas i gcabhair ó 2002 ar aghaidh. Tá sí lonnaithe i gcóiríocht shealadach i Halla Pobail Chaisleáin Uidhilín agus i seomraí ranga soghluaiste sealadacha atá tadhlach leis. Is ó cheantar mór tuaithe máguaird a thagann páistí chun na scoile. Tá deichniúr páistí i mbliain 1 agus 51 páiste san iomlán ar an rolla. Tá seachtar páistí i dteideal béilí scoile saor ó tháille.

1.2 Sa chigireacht díríodh ar chaighdeán na hoibre sa mhatamaitic, agus teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide san áireamh, ar a éifeachtaí a bhí an soláthar do pháistí a bhfuil sainriachtanais oideachais acu agus ar shocruithe na scoile le haghaidh Tréadchúraim, agus Cosaint Leanaí san áireamh.

1.3 Mar chuid den phróiseas cigireachta tionóladh cruinnithe le baill Bhord na nGobharnóirí (na gobharnóirí), agus le páistí bhliain 6 agus bhliain 7. Is trí cheistneoirí a iarradh ar na tuismitheoirí tuairimí a nochtadh ar ghnéithe de shaol agus d'obair na scoile. Chuir an scoil trí cheistneoir is tríocha amach chuig na tuismitheoirí; seoladh 16 cinn ar ais chuig an Roinn Oideachais agus bhí tuairimí scríofa in ocht gcinn acu. Bhí formhór na dtuairimí sna ceistneoirí an-dearfach. Pléadh roinnt ceisteanna a d'ardaigh na tuismitheoirí sna ceistneoirí leis an Phríomhoide agus leis na gobharnóirí. Mhol na tuismitheoirí an Príomhoide agus an fhoireann as a dhúthrachtaí a bhí siad ag cothú timpeallacht shábháilte shítheach foghlama do na páistí uile. Thacaigh na gobharnóirí go láidir le hobair na scoile agus thug cur síos ar an ról a bhí acu i mbainistiú na scoile. Chuir siad in iúl go raibh siad thar a bheith sásta le hobair an Phríomhoide agus na foirne. Luaigh na páistí a fheabhas a bhí an taithí acu ar shaol na scoile; chuir siad in iúl go raibh cabhair ar fáil dá mbeadh sin uathu agus bhí siad sásta go raibh an fhoireann ag déileáil go tuisceanach lena gcuid riachtanas. Comhlánaigh na múinteoirí ceistneoirí faoi rún fosta; sna freagraí a thug siad is mór a thacaigh siad le bainisteoirí na scoile agus le gach gné de shaol agus d'obair na scoile.

## 2. CAIGHDEÁN OBAIR NA bPÁISTÍ

2.1 Bunús an ama bíonn caidreamh an-mhaith oibre idir na páistí agus na múinteoirí. Tá mothú láidir san fhoireann gur meitheal mhaith iad; is maith a oibríonn siad lena chéile agus tá dlúth-thuiscint acu gur pobal iad. Freagraíonn formhór na bpáistí go dearfach don fhoireann agus is mór an dúthracht a chaitheann siad lena gcuid oibre agus suim mhór acu inti. Bíonn iompar dúshlánach toirmeascach ar siúl ag roinnt páistí; tá obair fhóinteach déanta ag an scoil agus í i ndiaidh cúnamh a lorg ó ghníomhaireachtaí seachtracha le gurb éifeachtaí a bheas sí ag déileáil leis an cheist sin. Bíonn cumarsáid mhaith ann leis na tuismitheoirí.

2.2 Tá an scoil i ndiaidh naisc a chruthú, agus naisc thrasphobail san áireamh, idir í féin agus réimse scoileanna sa cheantair agus níos faide ar shiúl, agus baineann na páistí a lán tairbhe as na gníomhaíochtaí a tharlaíonn dá bharr sin. Bíonn na páistí páirteach go rialta i gcomórtais éagsúla de chuid Fheis an Dúin.

2.3 Tá láidreachtaí i gcaighdeán na socruithe le haghaidh tréadchúraim agus cosaint leanaí. Tá modhanna oibre ag an scoil leis na treoracha, a bhfuil cur síos orthu in imlitreacha iomchuí de chuid na Roinne Oideachais, a chur i bhfeidhm agus tá sí i ndiaidh roinnt réimsí a aimsiú go cuí atá le feabhsú agus tá an feabhsú sin ar siúl faoi láthair. I measc na láidreachtaí tá:

- caighdeán na gcaidreamh oibre ar fud na scoile;
- an t-éiteas lán carthanachta agus cúnaimh; agus
- sláinte agus folláine na foirne agus na bpáistí a bheith ina n-ardtosaíocht.

2.4 Ar an bheagán réimsí a aimsíodh mar réimsí atá le feabhsú cuimsítear:

- an gá atá le athbhreithniú a dhéanamh ar an pholasaí agus ar na modhanna frithbhulaíochta agus lena linn sin tuilleadh comhairliúcháin a dhéanamh leis na páistí agus na tuismitheoirí; agus
- an gá atá le teacht ar chomhaontú faoi chód iompraíochta don fhoireann agus sin a fheidhmiú.

2.5 Tá láidreachtaí móra i gclár na scoile le sláinte agus folláine a chur chun cinn. Tugtar aird ar fhorbairt agus ar fheidhmiú clár itheacháin shláintiúil agus gníomhaíochta coirp, mar shampla cóisirí torthaí, bia sláintiúil le linn am sosa, agus uisce óil a bheith ar fáil, nithe a spreagann na páistí le stíl bheatha shláintiúil a bheith acu. Ar an bheagán réimsí a aimsíodh mar réimsí atá le feabhsú cuimsítear an gá atá le deiseanna a thapú chun cur síos foirmiúil a dhéanamh ar na socruithe faireacháin agus meastóireachta, chun caighdeán an tsoláthair oideachais a fheabhsú agus chun meicníochtaí a bhreithniú sa dóigh gur féidir dul i gcomhairle le pobal na scoile ina iomláine agus aiseolas inluachála a fháil uathu ar chlár itheacháin shláintiúil na scoile.

2.6 Is oibrithe dícheallacha iad na múinteoirí agus rún daingean acu cur le foghlaim agus forbairt na bpáistí. Tá siad i ndiaidh glacadh le formáid phleanála sé seachtaine. Caithfidh na múinteoirí comhoibriú lena chéile le teacht ar chomhaontú ar chur chuige chomhpháirteach pleanála a chuimseoidh ábhar an churaclaim agus an sprioctheanga a theagascfar lena chinntiú go ndéanfar comhdhlúthú agus dul chun cinn agus go ndéanfar freastal ar réimse iomlán aoiseanna agus cumais na bpáistí in ngach rang agus ar riachtanais aonair gach páiste. Lena chois sin, ba chóir torthaí sonracha na foghlama a dhéanamh soiléir agus caithfear scrúdú ar bhonn níos mionsonraithe a dhéanamh ar na féidearthachtaí iomlána atá le baint as na gníomhaíochtaí agus as na hacmhainní uile le go mbeidh treoir shoiléir ann sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú. Sna meastóireachtaí caithfear díriú níos glinne ar a bhfuil foghlamtha ag na páistí agus ba chóir iad seo a úsáid mar threoir sa phleanáil a dhéanfar feasta.

2.7 Bhí an teagasc ar breathnaíodh air i bhformhór na gceachtanna slán, agus maith in amanna; ach i mionlach suntasach de na ceachtanna bhí caighdeán agus éifeacht an teagaisc lag, agus uaireanta míshásúil. Sa chleachtas ab éifeachtaí pleanáladh na ceachtanna go maith, bhí torthaí na foghlama tuigthe go soiléir, luadh iad leis na páistí ag tús an cheachta agus filleadh orthu ag an deireadh. Teagascadh na ceachtanna sin ar luas oiriúnach, d’úsáid na múinteoirí modhanna teagaisc a chuimsigh an rang iomlán, an grúpa, agus an duine aonair ar

a seal agus rinneadh meastóireacht ar an dul chun cinn a bhí déanta i seisiún iomlánach ag an deireadh. Sna ceachtanna a breathnaíodh ar lú a n-éifeacht bhí pleanáil gan mionsonraí ann, bhí an teagasc gan luas, bhí deiseanna teoranta ag páistí obair neamhspleách a dhéanamh agus, uaireanta, ní raibh aird acu ar an mhúinteoir ná ar an tasc a bhí rompu. Caithfidh na múinteoirí tuilleadh forbartha a dhéanamh ar na modhanna teagaisc atá in úsáid le go ndéanfar freastal níos iomláine ar riachtanas gach páiste.

2.8 Marcálann na múinteoirí obair na bpáistí go coinsiasach agus tá samplaí maithe de mharcáil chríochnúil ann ina moltar feabhsúcháin; bíonn an dea-chleachtas sin neamh-chomhsheasmhach agus níltear ach i ndiaidh tús a chur leis ar fud na scoile. Tá an scoil i ndiaidh tosú go fóinteach a úsáid réimse eolais a bhaintear as an mheasúnú le bheith mar chúnamh sna meastóireachtaí a dhéanann siad ar dhul chun cinn na bpáistí. Ba chóir tuilleadh úsáide ar bhonn níos éifeachtaí a bhaint as an eolas a bhailítear as an mheasúnú a dhéanann an múinteoir agus as an mheasúnú a dhéantar go seachtrach le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na bpáistí agus le haghaidh pleanála chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

2.9 Cé gur cuireadh tús fóinteach le roinnt gníomhaíochtaí a sholáthar a spreagfaidh páistí le foghlaim agus iad ag súgradh, níl go leor forbartha déanta ar an ghné sin den soláthar faoi láthair. Bíonn a lán de na gníomhaíochtaí teoranta, gan dúshlán oiriúnach agus mianach a bheith iontu le go ndéanfaidh páistí dul chun cinn leordhóthanach i bhfoghlaim scileanna. Tuigeann an fhoireann go cuí gur gá an ghné thábhachtach sin den churaclam a fhorbairt. Caithfidh cúnamh agus treoir iomchuí bheith ann lena chinntiú go gcuirfear clár leathan cothrom súgartha ar fáil i rith na bunchéime agus Eochairchéim 1.

2.10 Tá clár matamaitice á fhorbairt don scoil ina hiomláine. Faoi láthair bíonn na múinteoirí ina n-aonar ag pleanáil dá ranganna féin, agus úsáideann siad réimse acmhainní agus scéim tráchtála san áireamh. Caithfidh an scoil scéim a fhorbairt don scoil ina hiomláine le go ndéanfaidh gach páiste i ngach bliainghrúpa dul chun cinn i ngach réimse den mhatamaitic. Sa dá Eochairchéim tá na múinteoirí ag cur béim mhaith ar mheabhairmhatamaitic agus ar mhatamaitic phraiticiúil.

2.11 Sa chleachtas is fearr a breathnaíodh ag Eochairchéim 1 úsáideadh gníomhaíochtaí praiticiúla chun gach ar fhoghlaim na páistí san uimhríocht, in aithint cruthanna agus i láimhseáil sonraí a dhaingniú. Lena chois sin tugadh deiseanna do na páistí a léiriú gur tháinig forbairt mhaith ar an teanga mhatamaiticiúil acu. De bharr luas maith an teagaisc i gceacht amháin, mar shampla, bhí na páistí in ann faisnéis a thaifeadadh agus roinnt clár ríomhaireachta a úsáid le graif a dhéanamh. I líon beag ceachtanna, ní raibh torthaí na foghlama soiléir agus níor thug na modhanna teagaisc go leor deiseanna foghlama do gach páiste. Ag Eochairchéim 2 baineann na páistí sult as gníomhaíochtaí meabhairmhatamaitice, bíonn réimse maith taithí acu ar an mhatamaitic agus féinmhuinín acu le labhairt ar a gcuid oibre agus próisis a gcuid smaointeoireachta a mhíniú. Faoi dheireadh Eochairchéim 2, baineann bunús na bpáistí caighdeáin amach atá sásúil nó maith i gcomhréir lena gcumas.

2.12 Tuigeann na múinteoirí gur gá tuilleadh deiseanna a thabhairt do na páistí ar réiteach fadhbanna agus ar imscrúduithe sa mhatamaitic, agus cheana féin tá cuid acu i ndiaidh 'fadhbanna na seachtaine' a thabhairt do na ranganna acu mar sheift úsáideach. Bheadh an chigireacht ag aontú go gcaithfear tuilleadh deiseanna a thabhairt do na páistí uile a gcuid

scileanna matamaitice a chleachtadh i suímh níos neamhchoitianta agus níos dúshlánaí agus go gcaithfidh múinteoirí réimse níos leithne de mhodhanna teagaisc a úsáid le tuilleadh deiseanna foghlama neamhspleáiche a thabhairt do pháistí.

2.13 Níltear ach i ndiaidh tús a chur le forbairt teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide (TFC). Úsáideann cuid de na múinteoirí TFC agus iad ag eagrú a gcuid pleanála, agus úsáideann na páistí cláir le daingniú a dhéanamh ar a bhfuil foghlamtha sa mhatamaitic acu. Tuigeann an comhordaitheoir nuacheaptha go soiléir go gcaithfidh na múinteoirí cur lena gcuid scileanna agus éirí níos cinnte díobh féin in úsáid TFC, go gcaithfear tuilleadh deiseanna a thabhairt do na páistí le húsáid a bhaint as TFC, agus go gcaithfear iad a iontráil ar an Scéim Creidiúnaithe in Úsáid Teicneolaíochta Faisnéise ag Eochairchéim 2 atá eagraithe ag an Chomhairle Curaclaim, Scrúdúchán agus Measúnaithe. Bheadh an chigireacht den tuairim chéanna faoi na réimsí atá le forbairt.

2.14 Tá an scoil i ndiaidh 10% de na páistí a aimsiú agus sainriachtanais oideachais acu. Aimsíonn an fhoireann na páistí sin go luath agus déanann siad dlúthfhaireachán ar an dul chun cinn a dhéanann siad. Bíonn an comhordaitheoir sainriachtanas oideachais ag obair i gcomhar leis an fhoireann agus leis na tuismitheoirí chun pleananna oideachais a fhorbairt agus a athbhreithniú, agus tá bunús na bpleananna sin oiriúnach. Caithfear a chinntiú go ndéanfar sainiú soiléir i gcónaí ar na spriocanna agus ar na modhanna teagaisc ar cinneadh orthu chun cuidiú leis na páistí agus iad i mbun foghlama. Tríd is tríd, bíonn na múinteoirí freagrach as freastal ar riachtanais gach páiste sna ranganna acu féin; tugann na cúntóirí ranga tacaíocht úsáideach fosta sa seomra ranga. Dá ndéanfaí tuilleadh forbartha ar mheasúnú bonnlíne bheifí in ann riachtanais na bpáistí a thuiscint ar bhonn níos beaichte agus faireachán níos cruinne a dhéanamh orthu agus bheadh sé ina chuidiú sa mheastóireacht a dhéanfar ar dhul chun cinn na bpáistí.

2.15 Tá an Príomhoide sa post le beagnach cúig bliana. Caitheann sí a dúthracht iomlán le saol agus le hobair na scoile agus is léir gurb iad na páistí agus an fhoireann a cúram agus go dtugann sí aire dóibh. Tá barraíocht dualgas uirthi. Tá sí freagrach as rang a theagasc agus as comhordú a dhéanamh ar na cláir seo a leanas: sainriachtanais oideachais, uimhearthacht agus tréadchúram. Lena chois sin is múinteoir ainmnithe agus múinteoir-theagascóir í. Go hiondúil tugtar cead di gan teagasc lá amháin gach seachtain le go dtabharfaidh sí faoi dhualgais a bhaineann le ceannaireacht, bainistiú agus riarachán. Ach, go rómhinic, caitear an t-am sin i mbun gníomhaíochtaí oideachais taobh amuigh den scoil. Tá géarghá ann go ndéanfar athbhreithniú ar róil agus ar fhreagrachtaí gach múinteora agus go ndéanfar comhaontú ar thosaíochtaí bainisteoireachta na scoile.

2.16 Ní dhéanann an Plean Forbartha Scoile reatha freastal ar riachtanais na scoile agus níl sé go hiomlán de réir cheanglais na School Development Plans Regulations (Northern Ireland) 2005. Caithfidh an scoil an Plean Forbartha Scoile a athbhreithniú i bhfianaise chinntí na cigireachta agus díriú ar thosaíochtaí forbartha idir ghearrthréimhseach agus mheántréimhseach a threoróidh obair na scoile ar bhonn níos straitéisí. Caithfidh gach ball foirne agus gach gobharnóir bheith páirteach sa phróiseas leis na príomhréimsí tosaíochta le haghaidh forbartha a aimsiú. Ba chóir pleananna oiriúnacha gníomhaíochta a fhorbairt, na critéir a aimsiú a chuirfidh le rath na hoibre, aontú ar straitéisí soiléire le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn agus iad a fheidhmiú.

2.17 Caithfidh an fhoireann aontú ar chórais éifeachtacha le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán soláthair oideachais na scoile ag gach leibhéal agus iad a fheidhmiú chun go n-úsáidfear an t-eolas le haghaidh pleanála agus le go mbeidh feabhas leanúnach á chur ar an obair.

## 3. CONCLÚID

3.1 Ar bhuanna na scoile tá:

- an t-éiteas cairdiúil agus fearadh na fáilte ann;
- an-dea-iompar bhunús na bpáistí;
- dílseacht an Phríomhoide agus na foirne do na páistí agus don scoil;
- rún daingean na scoile sláinte agus folláine a chur chun cinn i measc na bpáistí;
- an réimse nasc éifeachtach idir an scoil agus scoileanna eile; agus
- an dúthracht a chaitheann na gobharnóirí agus na tuismitheoirí le saol agus le hobair na scoile.

3.2 Ar na réimsí atá le feabhsú cuimsítear:

- an gá go ndéanfar pleanáil ar bhonn níos mionsonraithe don scoil ina hiomláine, go ndéanfar cur síos ar an ábhar a bheartaítear a fhoghlaimeoidh na páistí, go gcinnteofar go ndéanfar comhdhlúthú agus dul chun cinn san ábhar agus go ndéanfar freastal ar riachtanais réimse iomlán aoiseanna agus cumais na bpáistí in ngach rang;
- an gá go ndéanfar athbhreithniú ar an Phlean Forbartha Scoile i bhfianaise chinntí na cigireachta le go dtreorófar obair na scoile ar bhonn níos straitéisí; agus
- an gá go mbunófar córais éifeachtacha le faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chaighdeán soláthair oideachais na scoile le go mbeidh feabhas leanúnach á chur ar an obair.

3.3 Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá roinnt láidreachtaí san oideachas agus sa tréadchúram a sholáthraítear. Tá an chigireacht i ndiaidh réimsí tábhachtacha a aimsiú le haghaidh feabhsúcháin agus is gá tabhairt fúthu sin go pras má tá an scoil le freastal go héifeachtach ar riachtanais gach foghlaimeora.

3.4 Déanfaidh an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna faireachán ar dhul chun cinn na scoile agus í ag tabhairt faoi na réimsí sin atá le feabhsú, agus déanfaidh sí tuairisciú air sin.

**FOSCRÍBHINN**

## SLÁINTE AGUS SÁBHÁILTEACHT

- Tá roinnt seomraí ranga ann nach féidir radharc soiléir a fháil isteach orthu.

- Ba chóir athbhreithniú a dhéanamh ar an dóigh a mbaintear an príomhfhoirgneamh amach lena chinntiú go mbeidh na páistí sábháilte.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2008

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codanna, seachas le haghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofar foinse agus dáta na tuairisce ann.

Is féidir cóipeanna den tuairisc seo a fháil ón Bhrainse Seirbhísí Cigireachta, An Roinn Oideachais, Teach Ráth Giall, 43 Bóthar Bhaile Aodha, Beannchar, Co. an Dúin BT19 7PR. Tá cóip ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin na Roinne Oideachais: www.deni.gov.uk